# Cork Prison Visiting Committee

## Annual Report 2012

The Cork Prison Visiting Committee met on a monthly basis during the year. Committee members met prisoners at their request and there were two committee members available to meet prisoners between meetings every month. Request by prisoners at these meetings mainly concerned the following:

1. Transfers to other prisons for family reasons;
2. Medical problems;
3. Problems with other prisoners, i.e. bullying and threats of violence;
4. Problems with staff.

Complaints and requests from the prisoners were brought to the attention of the Governor. The Governor subsequently informed the Committee of actions taken as a result of their requests and these results were relayed to the prisoners by the visiting committee members.

**Overcrowding**

There is a constant and unacceptable overcrowding problem in the prison and while numbers have decreased in the past year it is not conducive to active rehabilitation and adherence to training and pre-release courses.

**Education & Training**

The Visiting Committee met on a number of occasions with the Co-ordinator of Educational Programmes in Cork Prison this year. The Prison offers a very broad curriculum from a basic literacy programme to certified courses, including the Junior Certificate, Leaving Certificate and Open University courses. There are also many workshops including the Hurley and Joinery Shop, industrial cleaning, fabric workshop, arts and crafts, laundry and computer courses to name but a few. These courses are run in partnership with the VEC, DES and Open University.

There is a commitment to best practice in the Education and Training Unit, with individual education plans (IEPs) being drawn up for prisoners willing to engage with the system. Participation in education and training programmes also plays an important part in the integrated sentence management and incentivising prisoners to engage positively with the Prison Service. We would recommend that the IPS, VEC, DES and Open University encourage and continue to support validation and quality assurance of the curriculum in Cork Prison.

The Visiting Committee wish to acknowledge the many statutory and rehabilitive services set up in conjunction with the Prison to facilitate the education, training and rehabilitation of prisoners while in prison and upon their release. These services, which the Visiting Committee had the privilege of encountering throughout the year, are listed below.

**Post Release Project**

The Post Release Services Project was established in 2001, under the auspices of the Cork Prison Education Unit and funded by the Cork Local Drug Task Force, as a response to a gap in service provision to prisoners being released. The Project was piloted to assist and prepare prisoners in planning for their release and to support them after release, so as to increase the likelihood of a more successful transition back into their communities.

The Project facilitates the ongoing provision of nine community agencies to work with prisoner's pre and post release. These agencies are as follows;

- **Sophia Housing Association** – a short term housing programme for ex-offenders on release from Cork Prison
- **Focus Ireland** – homeless agency
- **Treo Project** – community / educational support for Waterford under 23s
- **U-Casadh Project** – community / educational support for Waterford over 23s
- **IASIO Linkage Service** – provides educational / training guidance support
- **City of Cork Guidance Service**
- **FÁS**
- **Citizens Information**
- **Drug Addiction Counselling** – Access to residential or day treatment through liaising with the Drug Addiction Counsellors working in the prison

The Project also facilitates access to many more voluntary and statutory services for ex-prisoners in the community. These facilities are mainly provided by the Cork City and County Council Housing Departments, Cork Simon Community, St. Vincent de Paul, the Red Cross, The Department of Social Protection and many agencies under the auspices of the HSE.

**The Cork Alliance Centre**

The Cork Alliance Centre ( CAC ) was established in 2002 to focus on the development of a range of services to support prisoners to make a fresh start on their release from prison. The Cork Alliance Centre helps them to achieve their aims through a range of resettlement services, tailored to individual needs. This year CAC are working closely with the prison and probation service as they pilot the community based component of the Unlocking Community Alternatives Scheme for those

serving six to twelve month sentences in Cork Prison. The CAC is funded through the Department of Justice and the Prison and Probation Service.

**The Probation Service**

The Probation Service in Cork Prison work intensively with various categories of prisoners. This service is made up of one fulltime probation officer and a senior probation officer with responsibility for Cork and Limerick prisons. At any one time these officers would work with about a third of the prison population. They write reports which assist the courts in their sentencing decisions and the parole board sentence management. They also liaise with a number of agencies, such as the Cork Alliance Centre, Fellowship House and Tabor Lodge to name but a few.

**U.C.A.S.**

A new initiative currently being piloted in Cork Prison is the Unlocking Community Alternatives Scheme (UCAS). This scheme was introduced by the Director General of the Irish Prison Service (IPS), Michael Donnellan, for the purpose of reducing the number of short sentence prisoners in Cork Prison. Prisoners serving sentences of six to twelve months are considered for this scheme if they are willing to engage in selected community based projects. The UCAS Prison Group ( multi-agency team ) assesses the individual prisoner's needs and then link them into the relevant community based scheme. The prisoner is given conditional temporary release to engage with specific services. They would also be expected to meet a post release UCAS link worker who would monitor and support the release plan and report back on progress to the IPS. The project is chaired by an assistant governor and involves all agencies in the prison.

Cork Prison is in a strong position to pioneer this integrated project because of the links established within the community by the Probation Service, the Education Service, the Post Release Service and indeed the Prison itself over the years.

**Conditions in Cork Prison**

The Visiting Committee wish to express concern about the archaic and Dickensian conditions in some parts of Cork Prison. The Prison is unfit for purpose and has been deemed so by a number of reports. We welcome the Government's commitment to a new prison in Cork, and hope it will resolve the issues of overcrowding, the practice of slopping out, and meet international standards and human rights criteria.

The Visiting Committee would also like to express its concern regarding the housing of mentally ill prisoners. While Cork Prison has all the services available to prisoners with medical, psychological and psychiatric problems, the facilities for housing these prisoners are totally inadequate. A stated core value of the IPS is its commitment to human dignity and care and we feel that this is seriously compromised in this regard.

**Midlands Prison**

The Visiting Committee recently visited the Midlands Prison. The purpose of the visit was to compare various programmes in operation in the Midlands Prison with those in Cork.

**Thanks**

The Visiting Committee wish to express their appreciation to the Governor, Mr Jim Collins, Ms Eileen Horgan and staff at the prison for their cooperation and courtesy shown to the Committee. The Committee would also like to thank the many voluntary organisations that assist the prisoners and prison service in Cork.

**COISTE CUAIRTE PHRÍOSÚN CHORCAÍ**
**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2012**

Tháinig Coiste Cuairte Phríosún Chorcaí le chéile ar bhonn míosúil i rith na bliana. Bhuail baill an choiste le príosúnaigh ar a n-iarraidh agus bhí beirt bhall an choiste ar fáil chun bualadh le príosúnaigh idir cruinnithe gach mí. Bhain iarrataí ó phríosúnaigh ag na cruinnithe sin go príomha leis na nithe seo a leanas:

1. Aistrithe chuig príosúin eile ar chúiseanna teaghlaigh;
2. Fadhbanna leighis;
3. Fadhbanna le príosúnaigh eile, i.e. bulaíocht agus bagairtí foréigin;
4. Fadhbanna leis an bhfoireann.

Cuireadh gearáin agus iarrataí ó na príosúnaigh in iúl don Ghobharnóir. Thug an Gobharnóir fógra ina dhiaidh sin don Choiste faoi na gníomhartha a rinneadh mar thoradh ar a n-iarrataí agus chuir baill an choiste cuairte na torthaí sin in iúl do na príosúnaigh.

**Plódú**

Tá fadhb leanúnach dho-ghlactha phlódaithe sa phríosún agus, cé gur tháinig laghdú ar an líon daoine sa phríosún le bliain anuas, ní chabhróidh sé le hathshlánú gníomhach agus le cloí le cúrsaí oiliúna agus réamhscaoilte.

**Oideachas agus Oiliúint**

Bhuail an Coiste Cuairte le Comhordaitheoir na gClár Oideachais i bPríosún Chorcaí ar roinnt ócáidí i rith na bliana. Tairgeann an Príosún curaclam an-leathan, idir cúrsaí bunlitearthachta agus cúrsaí deimhnithe, lena n-áirítear cúrsaí an Teastais Shóisearaigh, na hArdteistiméireachta agus na hOllscoile Oscailte. Tá cuid mhór ceardlann freisin, lena n-áirítear an Siopa Camán agus Siúinéireachta, glantachán tionsclaíoch, ceardlann fabraice, ealaíona agus ceardaíocht, cúrsaí níocháin agus ríomhaireachta, gan ach roinnt acu a lua. Reáchtáiltear na cúrsaí sin i gcomhpháirtíocht leis an gCoiste Gairmoideachais (VEC), leis an Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) agus leis an Ollscoil Oscailte.
Tá tiomantas don chleachtas is fearr san Aonad Oideachais agus Oiliúna, agus tarraingítear pleananna aonair oideachais (IEPanna) suas do phríosúnaigh atá sásta páirt a ghlacadh sa chóras. Imríonn rannpháirtíocht i gcláir oideachais agus oiliúna ról tábhachtach freisin maidir leis an mbainistíocht chomhtháite pianbhreitheanna agus maidir le príosúnaigh a spreagadh chun páirt a ghlacadh go dearfach leis an tSeirbhís Príosún. Mholfaimis do Sheirbhís Príosún na hÉireann (IPS), don VEC, don DES agus don Ollscoil Oscailte bailíochtú agus dearbhú cáilíochta an churaclaim i bPríosún Chorcaí a spreagadh agus leanúint ar aghaidh le bheith ag tacú leo.

Ba mhian leis an gCoiste Cuairte aitheantas a thabhairt d'iomad na seirbhísí reachtúla agus athshlánaithe a cuireadh ar bun i gcomhar leis an bPríosún chun oideachas, oiliúint agus athshlánú príosúnach a éascú agus iad i bpríosún agus ar a scaoileadh. Tá na seirbhísí sin, a raibh sé de phribhléid ag an gCoiste Cuairte teagmháil leo i rith na bliana, liostaithe thíos.

**An Tionscadal Iar-Scaoilte**

Cuireadh an Tionscadal Seirbhísí Iar-Scaoilte ar bun i 2001, faoi choimirce Aonad Oideachais Phríosún Chorcaí agus arna mhaoiniú ag Tascfhórsa Áitiúil Drugaí Chorcaí, mar fhreagairt ar bhearna i soláthar seirbhíse do phríosúnaigh a bhí á scaoileadh. Rinneadh píolótú ar an Tionscadal chun cabhrú le príosúnaigh pleanáil dá scaoileadh, chun iad a ullmhú do phleanáil dá scaoileadh agus chun tacú leo tar éis scaoilte, ionas go mbeadh sé níos dóchúla go mbeadh trasdul níos rathúla acu ar ais isteach ina bpobail.

Éascaíonn an Tionscadal an soláthar leanúnach do naoi ngníomhaireacht phobail a oibríonn le príosúnaigh roimh a scaoileadh agus ina dhiaidh. Is iad na gníomhaireachtaí sin:

- **Cumann Tithíochta Sophia** – clár gearrthéarmach tithíochta d'iarchiontóirí ar scaoileadh ó phríosún Chorcaí
- **Focus Ireland** - gníomhaireacht do dhaoine gan dídean

- **Tionscadal Treo** – tacaíocht phobail/oideachais do dhaoine faoi 23 bliain d'aois i bPort Láirge
- **Tionscadal U-Casadh** – tacaíocht phobail/oideachais do dhaoine os cionn 23 bliain d'aois i bPort Láirge
- **Seirbhís Nascachta 1ASIO –** a sholáthraíonn tacaíocht treorach oideachais/oiliúna
- **Seirbhís Treorach Chathair Chorcaí**
- **Faisnéis do Shaoránaigh**
- **Comhairleoireacht Andúile Drugaí –** Rochtain ar chóireáil chónaithe nó lae trí dhul i dteagmháil leis na Comhairleoirí Andúile Drugaí sa phríosún.

Chomh maith leis sin, éascaíonn an Tionscadal rochtain ar chuid mhór seirbhísí deonacha agus reachtúla eile d'iarphríosúnaigh sa phobal. Tá na háiseanna sin á gcur ar fáil go príomha ag na grúpaí seo a leanas: na Ranna Tithíochta ag Comhairle Cathrach Chorcaí agus as Comhairle Contae Chorcaí, Clann Shíomóin Chorcaí, Cumann Naomh Uinseann de Pól, an Chros Dhearg, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus go leor gníomhaireachtaí eile faoi choimirce Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE).

**Ionad Comhghuaillíochta Chorcaí**

Cuireadh Ionad Comhghuaillíochta Chorcaí (CAC) ar bun i 2002 chun díriú ar raon seirbhísí a fhorbairt chun tacú le príosúnaigh tús nua a dhéanamh ar a scaoileadh ó phríosún. Cabhraíonn Ionad Comhghuaillíochta Chorcaí leo a spriocanna a bhaint amach trí raon seirbhísí athlonnaithe, atá curtha in oiriúint do riachtanais aonair, a sholáthar. I mbliana, tá an CAC ag obair go dlúth leis an tseirbhís príosún agus promhaidh de réir mar a dhéanann siad píolótú ar an ngné phobalbhunaithe den Scéim um Roghanna Pobail a Dhíghlasáil dóibh siúd atá ag cur isteach pianbhreitheanna idir sé mhí agus dhá mhí dhéag i bPríosún Chorcaí. Tá an CAC maoinithe tríd an Roinn Dlí agus Cirt agus tríd an tSeirbhís Príosún agus Promhaidh.

**An tSeirbhís Promhaidh**

Oibríonn an tSeirbhís Promhaidh i bPríosún Chorcaí go dian le catagóirí éagsúla príosúnach. Tá an tseirbhís comhdhéanta d'oifigeach lánaimseartha promhaidh amháin agus d'oifigeach sinsearach promhaidh le freagracht as príosún Chorcaí agus as príosún Luimnigh. Oibríonn na hoifigigh sin le thart ar aon trian de dhaonra an phríosúin ag aon am ar leith. Scríobhann siad tuairiscí a chabhraíonn leis na cúirteanna maidir lena gcinntí pianbhreithe agus le bainistíocht pianbhreitheanna an bhoird pharúil. Chomh maith leis sin, téann siad i dteagmháil le roinnt gníomhaireachtaí, amhail Ionad Comhghuaillíochta Chorcaí, Teach an Chomhbhráithreachais agus Lóiste Tabor gan ach roinnt acu a lua.

**U.C.A.S**

Tionscnamh nua atá á phíolótú faoi láthair i bPríosún Chorcaí is ea an Scéim um Roghanna Pobail a Dhíghlasáil (UCAS). Thug Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Príosún na hÉireann (IPS), Michael Donnelian, an scéim seo isteach d'fhonn an líon príosúnach gearr-phianbhreithe a laghdú i bPríosún Chorcaí. Breithnítear príosúnaigh atá ag cur isteach pianbhreitheanna idir sé mhí agus dhá mhí dhéag don scéim seo má tá siad sásta páirt a ghlacadh i dtionscadail roghnaithe phobalbhunaithe. Déanann Grúpa Príosúin UCAS (foireann ilghníomhaireachta) measúnú ar riachtanais an phríosúnaigh aonair agus ansin nascfaidh sé iad isteach sa scéim chuí phobalbhunaithe. Tugtar scaoileadh coinníollach sealadach don phríosúnach chun gur féidir leis/léi páirt a ghlacadh i seirbhísí sonrach. Bheifí ag súil go mbuailfeadh sé/sí le hoibrí naisc iarscaoilte de chuid UCAS a dhéanfadh monatóireacht agus tacú ar an bplean scaoilte agus a thabharfadh tuairisc faoi dhul chun cinn don IPS. Tá an tionscadal seo faoi chathaoirleacht ag gobharnóir cúnta agus tá gach ceann de na gníomhaireachtaí sa phríosún páirteach ann.

Tá Príosún Chorcaí breá-ábalta ceannródaíocht a dhéanamh ar an tionscadal comhtháite seo mar gheall ar

na naisc laistigh den phobal atá bunaithe ag an tSeirbhís Promhaidh, ag an tSeirbhís Oideachais, ag an tSeirbhís Iar-Scaoilte agus, go deimhin, ag an bPríosún féin thar na blianta.

**Dálaí i bPríosún Chorcaí**

Ba mhian leis an gCoiste Cuairte imní a chur in iúl faoi na dálaí ársa suaracha i gcodanna áirithe de Phríosún Chorcaí. Tá an Príosún neamhoiriúnach don fheidhm agus tá sé measta mar sin i roinnt tuarascálacha. Cuirimid fáilte roimh thiomantas an Rialtais do phríosún nua i gCorcaigh, agus tá súil againn go réiteoidh sé na saincheisteanna a bhaineann le plódú agus an cleachtas a bhaineann leis na fualáin a fholmhú agus go gcomhlíonfaidh sé caighdeáin idirnáisiúnta agus critéir um chearta an duine.

Chomh maith leis sin, ba mhian leis an gCoiste Cuairte a imní a chur in iúl maidir leis an gcóiríocht a chuirtear ar fáil do phríosúnaigh a bhfuil meabhairghalar orthu. Cé go bhfuil gach ceann de na seirbhísí atá ar fáil do phríosúnaigh a bhfuil fadhbanna leighis, síceolaíocha agus síciatracha acu i bhfeidhm i bPríosún Chorcaigh, tá na háiseanna cóiríochta do na príosúnaigh sin go hiomlán neamhleor. Croíluach luaite de chuid an IPS is ea an tiomantas atá aici do dhínit agus do chúram an duine agus mothaímid go bhfuil sé sin an-chomhréitithe i dtaca leis sin.

**Príosún an Láir Tíre**

Thug an Coiste Cuairte cuairt ar Phríosún an Láir Tíre le déanaí. Ba é cuspóir na cuairte na cláir éagsúla a bhí i bhfeidhm i bPríosún an Láir Tíre a chur i gcomparáid leo siúd i bPríosún Chorcaí.

**Buíochas**

Ba mhian leis an gCoiste Cuairte a bhuíochas a chur in iúl don Ghobharnóir, an tUas. Jim Collins, do Eileen Horgan Uas. agus don fhoireann ag an bpríosún as a gcomhoibriú agus as an gcúirtéis a léiríodh don Choiste. Ba mhian leis an gCoiste buíochas a ghabháil freisin leis an iliomad eagraíochtaí deonacha a chabhraíonn leis na príosúnaigh agus leis an tseirbhís príosún i gCorcaigh.